Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

Clár
3

Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

# Glac Páirt, Bíodh Deis Labhartha Agat



## Ionchur agus Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara

Gné mhór d'fhorbairt na Scéime is ea dul i mbun comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ar fad. Leis an gcomhairliúchán seo, tugtar deis do gach duine a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis na roghanna is indéanta, agus leis sin, tionchar a imirt ar an bpróiseas cinnteoireachta. Déantar na tráchtanna ar fad a bhreithniú agus, nuair is ábhartha, iad a chur san áireamh i ndearadh na scéime.

## Deiseanna duitse tionchar a bheith agat ar Choirib go Cósta

Déanfar roghanna cosanta don scéim a mheasúnú bunaithe ar an aiseolas a fhaightear, agus bunaithe ar inmharthanacht chomhshaoil, theicniúil agus gheilleagrach. Nuair a bheidh an próiseas seo curtha i gcrích, déanfar an Scéim Tosaíochta a thagann chun cinn a mholadh. Déanfar an Scéim Tosaíochta a thagann chun cinn a chur i láthair an phobail le linn an tríú Lá Rannpháirtíochta Poiblí. Déanfar an t-aiseolas deiridh a fhaightear ón bpobal maidir leis an Scéim Tosaíochta a chur san áireamh sa dearadh deiridh a chuirfear chun cinn tríd an bpróiseas toilithe pleanála.

Cuirfear an comhairliúchán reachtúil i gcrích de réir mar is gá le linn an phróisis toilithe pleanála.

### Srianta & Deiseanna

**Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh. 1**
Ionchur a fháil ón bpobal maidir le srianta agus deiseanna d'fhonn faisnéis a bhailiú, agus chun tuiscint a fháil ar ábhair imní an phobail agus ar uaillmhianta an phobail i dtaca leis an scéim.
**Dáta: Meitheamh 2021**

### Roghanna a fhorbairt

**Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh. 2**
Aiseolas a fháil ón bpobal maidir le roghanna dréachta agus aiseolas a chur san áireamh maidir leis na roghanna a thabhairt chun críche.
**Dáta: Meitheamh 2025**

### An Scéim a Thabhairt chun Crí

**Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh. 3**
Dréacht den Scéim Tosaíochta a chur i láthair ar mhaithe le tráchtanna deiridh a fháil ón bpobal. Déanfar athbhreithniú ar an scéim dheiridh d'fhonn aiseolas deiridh ón bpobal a chur san áireamh.
**Dáta: Le Deimhniú**

## Tá Tábhacht le do Thuairim

Tá spéis againn sna gnéithe sin den scéim atá ar na gnéithe is tábhachtaí duitse. Tá sé mar aidhm le Coirib go Cósta aghaidh a thabhairt ar riachtanais phobal Chathair na Gaillimhe maidir le seasmhacht in aghaidh tuilte. Is féidir leat cuairt a thabhairt ar an leathanach tionscadail ar ár láithreán gréasáin: **www.coiribgocosta.ie**

Chomh maith leis sin, is féidir leat aon cheisteanna a sheoladh chugainn trí ríomhphost ag **coiribgocosta@arup.com**

Tá baill d'fhoireann an tionscadail i láthair inniu chun freagra a thabhairt ar aon cheisteanna atá agat, nó chun aon fhaisnéis ábhartha a thabhairt dá n-aire. Tá ceistneoir ar fáil duit lena chomhlánú agus lena sheoladh ar ais le do chuid tráchtanna, nó seol ríomhphost chugainn ag **coiribgocosta@arup.com.** I ndiaidh an chomhairliúcháin phoiblí seo, beidh deiseanna eile ar fáil chun páirt a ghlacadh trí bheith i láthair ag laethanta eolais amach anseo, tráth a gcuirfear nuashonruithe maidir le dul chun cinn na scéime i láthair.

Déanfar láithreán gréasáin an tionscadail **www.coiribgocosta.ie** mar aon le hardáin meán sóisialta Chomhairle Contae na Gaillimhe a nuashonrú go rialta le nuacht i dtaca le tionscadail ionas go mbeimid in ann tú a thabhairt linn ar an aistear seo.

**Lean muid ar**

## Conas Aighneacht a Dhéanamh agus Eolas Teagmhála

Is féidir aiseolas agus aighneachtaí a chur isteach **ón 17 Meitheamh go dtí an 18 Iúil** ar láithreán gréasáin an tionscadail **www.coiribgocosta.ie** nó de rogha air sin, is féidir foirmeacha aiseolais comhlánaithe a sheoladh ar ais sa phost nó trí ríomhphost.

Lean an nasc QR chuig ceistneoir ar líne

**Post**
Faoiseamh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Bainisteoir Tionscadail na Scéime
Corporate House, Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach,
Baile an Bhriotaigh, Gaillimh,
H91 K5YD Éire

**Ríomhphost**
coiribgocosta@arup.com

Mar rogha air sin, cuir glaoch ar an uimhir **(091) 894700** agus eiseoimid bróisiúr agus foirm aiseolais chugat sa phost.

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040 | OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works | Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council | BSM Brady Shipman Martin. Est. 1968 Built. Environment. | ARUP

Scála an Phóstaeir: A0